Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

AN ROINN OIDEACHAIS - MEASÚNACHT TIONCHAR COMHIONANNAIS:

‘GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH: STRAITÉIS LEIS AN nGNÓTHACHTÁIL A ARDÚ SA LITEARTHACHT AGUS SAN UIMHEARTHACHT

Meitheamh 2008

DO THUAIRIMÍ Á LORG

Chinn an Roinn ar Mheasúnacht Tionchar Comhionannais a dhéanamh ar an dréachtcháipéis comhairliúcháin, 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht.' Tugtar cuireadh duit do thuairimí a thabhairt ar an dréachtcháipéis seo. Tá sé d'aidhm ag an gcomhairliúchán:

- Tuairimí lucht an chomhairliúcháin a fháil ar an dréachtmheasúnú seo ar thionchar comhionannais na straitéise; agus

- Aon eolas eile a fháil a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agus na tionchair comhionannais seo á mheas.

Agus machnamh á dhéanamh agat ar do fhreagra, b'fhéidir go mbeadh na ceisteanna seo a leanas úsáideach mar threoir:

- An bhfuil aon tuairimí agat maidir le haon ghné den chomhiuonannas clúdaithe ag an dréachtmheasúnacht seo?

- Aon bhbfuil aon cheisteanna eile nár pléadh? Má tá, cad iad?

- An bhfuil aon tuairimí agat ar an dóigh le soláthar na Straitéise leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil éagothroimí agus difreálaigh?

- An bhfuil aon bhearta ba chóir a chur i gcrích mar mhaolú i gcoinne drochthionchar ar dhaoine i ngrúpaí comhionannais Ailt 75?

Cuirfimid fáilte roimh aon eolas breise agus tuairimií a cheapann tú a chuideodh lenár machnamh ar chomhionannas maidir leis an dréacht-Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht.

Ba mhaith linn do thuairimí a fháil faoi **30 Samhain 2008**.

Tig leat teagmháil a dhéanamh linn i scríbhinn ag an seoladh thíos nó le
R-phost: angela.kane@deni.gov.uk
Fón: 02891 279708

Angela Kane
Brainse Feabhsúcháin Scoile
Rannóg Arduithe Caighdeáin
An Roinn Oideachais
Rathgael House
Balloo Road
Bangor
BT19 7PR

Tá an cháipéis seo ar fáil freisin ar an suíomh gréasáin: www.deni.gov.uk

Má theastaíonn uiat an cháipéis seo a fháil i bhformáid ailtéarnach déan teagmháil leis an seoladh thuas, led' thoil.

CLÁR NA nÁBHAR

		Leathanach
	Measúnacht Tionchar Comhionannais ar Mholtaí do Straitéis Leasaithe maidir leis an Litearthacht agus an Uimhearthacht	5
	Réamhrá agus Cúlra don Straitéis Leasaithe maidir leis an Litearthacht agus an Uimhearthacht	6
1.	Aidhmeanna an pholasaí a shainmhíniú	8
2.	Machnamh ar shonraí agus taighde atá ar fáil	10
3.	Machnamh ar thionchar	27
4.	Machnamh ar roghanna maolaithe	30
5.	Comhairliúchán foirmeálta	31
6.	Cinneadh an údaráis phoiblí (Roinn Oideachais)	32
7.	Foilsiú thorthaí Mheasúnacht Tionchar Comhionannais (EQIA)	32
8.	Monatóireacht do thionchair dhiúltacha sa todhchaí agus foilsiú thorthaí na monatóireachta seo	32

MEASÚNACHT TIONCHAR COMHIONANNAIS AR MHOLTAÍ DO STRAITÉIS LEASAITHE MAIDIR LEIS AN LITEARTHACHT AGUS AN UIMHEARTHACHT

De réir alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, tá ceanglas ar an Roinn Oideachais, agus é i mbun na bhfeidhmeanna atá aige a bhaineann le Tuaisceart Éireann, aird mar is cóir a bheith aige ar an ngá atá le omhionannas deiseanna a chur chun cinn idir:

- daoine le creidimh reiligiúnda éagsúla;
- daoine ó ghrúpaí cine éagsúla;
- daoine le haoiseanna éagsúla;
- daoine le stádas pósta éagsúil;
- daoine le claonadh gnéis éagsúil;
- fir agus mná i gcoitinne;
- daoine atá faoi mhíchumas nó nach bhfuil;
- daoine a bhfuil cleithiúnathe acu nó nach bhfuil; agus
- daoine le tuairimí polaitiúla éagsúla.

Lena chois sin, gan dochar dá ceanglais thuas, beidh aird ag an Roinn freisin ar inmhianaitheacht caidreamh maith a chothú idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, dearcadh polaitiúil nó grúpa cine dóibh.

Éilíonn an reachtaíocht seo ar údaráis phoiblí measúnacht tionchar comhionannais a dhéanamh nuair is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag polasaí molta ar chomhionannas dheiseanna. Mar fhreagra air seo, tá cinneadh déanta ag an Roinn Oideachais (DE) go n-éilíonn an dréachtcháipéis comhairliúcháin, 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht' measúnacht tionchar comhionannais.

Is í an cháipéis seo, mar sin, an Mheasúnacht Tionchar Comhionannais (EQIA) atá ullmhaithe do ‘Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht’.

RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA DON STRAITÉIS LEASAITHE MAIDIR LEIS AN LITEARTHACHT AGUS AN UIMHEARTHACHT

Is í aidhm na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta ná gnóthachtáil a a fheabhsú, agus dul i ngleic le gnóthachtáil ró-íseal trí straitéisí foghlama agus teagaisc atá deartha le cuidiú le daoine óga bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta a fháil agus a fhorbairt. Dá bhrí sin, is féidir leo tairbhe a bhaint as deiseanna oideachasúla agus deiseanna eile a dtagann siad orthu sna blianta oideachais fhoirmiúla agus ina dhiaidh sin, agus cur leis an sochaí go dearfach mar dhaoine fásta.

Tá sé i gceist ag an straitéis leasaithe seo tógáil ar láidreachtaí, agus aghaidh a thabhairt ar réimse inar féidir feabhas a dhéanamh, sa chur chuige atá ann cheana chun gnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthachta a fheabhsú. Tá sé bunaithe ar thaighde áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta; ar thátail cigireachta; agus ar an dea-chleachtas atá le feiceáil cheana i dtromlach na scoileanna anseo.

Caighdeáin na gnóthachála sa litearthacht agus san uimhearthacht: dúshlán leanúnach

Sa bhliain 1998, seoladh straitéis nua[i] chun litearthacht agus uimhearthacht i scoileanna anseo a chothú. D'aithin sé an riachtanas a bhí ann i ngach scoil do pholasaithe deachumtha litearthachta agus uimhearthachta agus leag sé béim ar thábhacht na hidirghabhála luaithe agus chleachtadh an tseomra ranga a dhírigh "*go díreach ar chaighdeán chaidreamh na múinteoirí leis na daltaí*". Tharraing sé aird ar an tábhacht a bhain leis an mBreith ar an Léitheoireacht, ar cheannaireacht na hardbhainistíochta agus ar na naisc le tuismitheoirí.

Chomh maith leis sin, thug an straitéis faoi deara nach raibh go leor úsáide á bhaint as faisnéis feidhmíochta scoile agus torthaí teisteanna diagnóiseacha le tionchar a bheith acu ar chur chuigí múinteoireachta agus straitéisí feabhsúcháin amach anseo. Agus moladh á dhéanamh go mbainfí úsáid níos

córasaí as sonraí, mhol an straitéise go socrófaí spriocanna agus go mbeadh sonraí binsemharcáilte ann crosthagartha le bandaí béilí scoile chomh maith le sonraí imdhealaithe do bhuachaillí agus cailíní. Leagadh béim chomh maith ar an riachtanas atá ann le díriú ní mó a dhéanamh ar an litearthacht agus an uimhearthacht in oiliúint tosaigh an mhúinteora agus le linn na forbartha gairmiúla leanúnaí.

Go hachomair, i straitéis 1998 bhí a lán príomhghnéithe a bhí riachtanach le clár feabhsúcháin litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm. Tharla feabhsúcháin freisin mar thoradh ar an straitéis, go háirithe do dhaltaí ar ardghnóthachtálaithe iad. Cé gur tharla seo, ní raibh dóthain tionchair aige ar an ngnóthachtáil ar an iomlán sa litearthacht agus san uimhearthacht a ardú, go háirithe do na daltaí tearcghnóthaithe agus, i gcásanna áirithe, do bhuachaillí.

Mar thoradh ar an rath teoranta a bhí ag clár 1998 feabhas suntasach a bhaint amach i gcaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta ar fud na ngrúpaí cumais uilig bhí cáineadh géar ann i dtuairiscí le déanaí de chuid Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann (NIAO)[ii] agus Coiste um Chuntais Phoiblí Theach na dTeachtaí (PAC)[iii]. Tharraing na tuairiscí seo aird ar an líon suntasach daoine ar thit a ngnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht go mór faoi na leibhéil a mbeifí ag súil leo agus leagadh béim ar an ngá le feabhsú breise ar chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta.

Cé gur ghlac an PAC leis go bhfuil iliomad gnéithe a théann i gcion go diúltach ar ghnóthachtáil oideachais, i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta ach go háirithe, dúirt sé: *"Is léir go bhfuil dul chun cinn i leibhéil na litearthachta agus na huimhearthachta míshásúil"*.

1. AIDHMEANNA AN PHOLASAÍ A SHAINMHÍNIÚ

Is í aidhm na dréachtstraitéise seo ná na caighdeáin sa litearthacht agus uimhearthacht a ardú trí straitéisí foghlama agus teagaisc atá deartha le cuidiú le daoine óga bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta a fháil agus a fhorbairt.. Tabharfar ar aghaidh é i gcóras oideachais a bheidh athraithe go mór ina gcuirtear an leanbh chun tosaigh agus atá faoi stiúir bhunphrionsabail an chothromais agus na cothroime.

D'ainneoin na láidreachtaí ar leith atá le sonrú sa chóras oideachais faoi láthair, tá géarghá ann le feabhas a chur ar ghnóthachtáil sa litearthacht agus uimhearthacht laistigh d'ár scoileanna, ach go háirithe i measc na ndaltaí is lú gnóthachtála. Aithnítear imní fosta faoi ghnóthachtáil sa litearthacht agus uimhearthacht go háirithe, ach ní hamháin, sna réimsí sin is mó atá thíos leis ag tionchar agus airmhairt na coimhlinte le daichead bliain anuas, agus ag leibhéil suntasacha den mhíbhuntáiste shóisialta agus eacnamaíochta.

Ní hionann sin agus a rá gur chóir go ndíreodh straitéis leis na caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a ardú ar riachtanais na ndaoine óga is lú gnóthachtála agus ó phobail faoi mhíbhuntáiste, agus orthu siúd amháin. Tá sé riachtanach go n-oireann scoileanna na daoine óga uilig le leibhéil litearthachta agus uimhearthachta a ullmhaíonn iad don aosacht agus a fhágann go bhfuil siad oilte go maith chun idirghníomh a dhéanamh leis, agus cur leis, an sochaí agus an eacnamaíocht go dearfach.

Is iad sainaidhmeanna na straitéise ná:

- Na leibhéil ghnóthachtála do gach duine óg a ardú sa litearthacht agus san uimhearthacht;
- Na bearnaí reatha atá ann a chúngú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le buachaillí; cailíní agus lucht siúil agus idir iad siúd is mó agus is lú faoi míbhuntáiste; agus
- An bhearna a chúngú idir na daltaí agus scoileanna is airde agus is ísle ó thaobh na feidhmíochta de, tar éis 12 bhliain d'oideachas éigeantach.

Bunaithe ar na haidhmeanna seo déanfar rath na straitéise a thomhas maidir leis na cuspóirí seo atá ainmnithe:

- 70% de mhic léinn ag baint amach cáilíocht Leibhéal 2, lena n-áirítear TGManna A*-C sa Bhéarla/Matamaitic (nó a choibhéis) faoin am a fhágann said scoil faoi 2020;

- 65% de mhic léinn le teidlíocht do Bhéilí Scoile Saor in Aisce ag baint amach 5 nó níos mó TGManna A*-C lena n-áirítear Béarla/Matamaitic faoin am a fhágann siad scoil faoi 2020;

- 95% de mhic léinn ag baint amach TGM A*-G sa Bhéarla agus Matamaitic (nó a choibhéis) faoin am a fhágann siad scoil faoi 2020.

2. MACHNAMH AR SHONRAÍ AGUS TAIGHDE ATÁ AR FÁIL

Agus an EQIA seo á chur i gcrích, rinne an Roinn machnamh ar réimse de shonraí, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, ar léibhéil gnóthachtála sa litearthacht agus uimhearthacht. Rinneadh é seo a threisiú ag na tuairiscí le déanaí ag Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann agus an Coiste um Chuntais Phoiblí Theach na dTeachtaí a tharraing aird ar an líon suntasach de dhaoine ar thit a ngnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht go mór faoi na leibhéil a mbeifí ag súil leo agus a leag béim ar an ngá le feabhsú breise ar chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta. Bunaithe ar na tuairiscí seo agus a gcuid moltaí, tugtar thíos anseo graif ag féachaint ar leibhéil gnóthachtála maidir le buachaillí agus cailíní; scoileanna faoi chothabháil ag Caitlicigh agus rialaithe agus, mar aitheantas ar an daonra ón iasacht i dTuaisceart Éireann, daonra atá ag fás, briseadh síos ar ghnóthachtáil de réir bhunús eitneach.

Leibhéil Gnóthachtála Éagsúla idir Cailíní agus Buachaillí

Léiríonn na cairteanna thíos an bhearna gnóthachtála ag Eochairchéim 2; Eochairchéim 3 agus gnóthachtáil TGM idir buachaillí agus cailíní:

Eochairchéim a Dó






Eochairchéim 2, Mata
Measúnuithe 2006/07- Buachaillí
22%
39%
39%
Buachaillí ag gnóthachtáil níos lú ná Leibh 4
Buachaillí ag gnóthachtáil Leibh 4
Buachaillí ag gnóthachtáil Leibh 5 agus níos airde


Eochairchéim 2, Mata
Measúnuithe 2006/07- Cailíní
19%
41%
40%
Cailíní ag gnóthachtáil níos lú ná Leibh 4
Cailíní ag gnóthachtáil níos lú ná Leibh 4
Cailíní ag gnóthachtáil Leibh 5 agus níos airde

Eochairchéim a Trí:






Eochairchéim a Trí, Mata
Measúnuithe 2006/07- Buachaillí
28%
48%
24%
Buachaillí ag gnóthachtáil níos lú ná Leibh 5
Buachaillí ag gnóthachtáil Leibh 5
Buachaillí ag gnóthachtáil Leibh 6 agus níos airde


Eochairchéim a Trí, Mata
Measúnuithe 2006/07- Cailíní
23%
52%
25%
Cailíní ag gnóthachtáil níos lú ná Leibh 5
Cailíní ag gnóthachtáil Leibh 5
Cailíní ag gnóthachtáil Leibh 6 agus níos airde

TGM:


Céatadán buachaillí i mbliain 12 ag gnóthachtáil 5+ GCSE (nó a choibhéis) ag Gráid A*-C 2006/07 - Neamhroghnach
37%
63%
Buachaillí nach bhfuil ag gnóthachtáil 5+ GCSE (nó a choibhéis) ag Gráid A*-C
Buachaillí ag gnóthachtáil 5+ GCSE (nó a choibhéis) ag Gráid A*-C


Céatadán cailíní i mbliain 12 ag gnóthachtáil 5+ GCSE (nó a choibhéis) ag Gráid A*-C 2006/07 - Neamhroghnach
47%
53%
Cailíní nach bhfuil ag gnóthachtáil 5+ GCSE (nó a choibhéis) ag Gráid A*-C
Cailíní ag gnóthachtáil 5+ GCSE (nó a choibhéis) ag Gráid A*-C

Céatadán buachaillí i mbliain 12 ag gnóthachtáil 5+ GCSE (nó a choibhéis) ag Gráid A*-C 2006/07 - Scoileanna Gramadaí



Céatadán cailíní i mbliain 12 ag gnóthachtáil 5+ GCSE (nó a choibhéis) ag Gráid A*-C 2006/07 - Scoileanna Gramadaí



Leibhéil éagsúla gnóthachtála idir dhaltaí ó chúlraí éagsúla reiligiúnda

Measúnuithe Eochairchéim 2 - Béarla & Mata faoi Chineál Bainistíochta - % de dhaltaí a fhaigheann leibhéal 4 agus níos airde

Eochairchéim 2 - % de dhaltaí a fhaigheann leibhéal 4 agus níos airde			
	Measúnuithe ag Eochairchéim 2	**2005/06**	**2006/07**
Bainistíocht Chaitliceach	Béarla	77.6	77.2
	Mata	79.5	78.7
Bainistíocht Eile	Béarla	78.2	78.7
	Mata	80.3	80.2

Measúnuithe Eochairchéim 3 - Béarla & Mata faoi Chineál Bainistíochta - % de dhaltaí a fhaigheann leibhéal 5 agus níos airde

Eochairchéim 3 - % de dhaltaí a fhaigheann leibhéal 5 agus níos airde			
	Measúnuithe ag Eochairchéim 3	2005/06	2006/07
Bainistíocht Chaitliceach	Béarla	77.7	79.3
	Mata	73.6	74.6
Bainistíocht Eile	Béarla	75.5	77.4
	Mata	72.2	74.3

Iarbhunscoileanna Uilig TGManna faoi Chineál Bainistíochta

Bainistíocht	**Gnóthachtáil**	**2005/06**
Bainistíocht Chaitliceach	5+ TGM Grád A*-C (nó a choibhéis)	63.6
	5+ TGM Grád A*-G (nó a choibhéis)	89
	Gan TGM ar bith	4
Bainistíocht Eile	5+ TGM Grád A*-C (nó a choibhéis)	62.5
	5+ TGM Grád A*-G (nó a choibhéis)	91
	Gan TGM ar bith	3

Torthaí Béarla agus Mata TGM do lucht fágála scoile TÉ faoi Bhunús Cine [1] 2005/06

	Geal [2]		Mionghrúpaí Eitneacha [2]	
	Uimhreacha	%	Uimhreacha	%
TGM Béarla A*-C	16177	64.1	158	56.0
TGM Mata A*- C	13603	53.9	160	56.7
TGM Béarla agus Mata A*-C	13592	53.8	129	45.7
TGM Béarla A*-G	22453	88.9	224	79.4
TGM Mata A*-G	22067	87.4	223	79.1
TGM Béarla agus Mata A*-G	21487	85.1	209	74.1
Lucht Fágála Iomlán	25246	100.0	282	100.0

CÁILÍOCHT IS AIRDE AG LUCHT FÁGÁLA SCOILE FAOI BHUNÚS EITNEACH[1]

	2005/2006	
	IOMLÁN	
	Uimhreacha	**%**
GEAL [2]		
A leibhéal		
3 nó níos mó (nó a choibhéis)[3]	10039	39.8
2 (nó a choibhéis)[3]	1236	4.9
1[3]	458	1.8
TGManna		
5+ A*-C (nó a choibhéis)[4]	4472	17.7
1-4 A*-C (nó a choibhéis)[4]	4845	19.2
Gráid eile (1+ D-G)[5]	3067	12.1
5+ A*-G (nó a choibhéis)[6]	10375	41.1
1-4 A*-G (nó a choibhéis)[6]	2008	8
Gan TGM ar bith [7]	1129	4.5
Gan Cáilíocht Fhoirmeálta ar bith [8]	795	3.1
IOMLÁN GEAL	***25246***	***100***
MIONLAIGH EITNEACHA [2]		
A leibhéal		
3 nó níos mó (nó a choibhéis)[3]	120	42.6
2 (nó a choibhéis)[3]	18	6.4
1[3]	8	2.8
GCSEs		
5+ A*-C (nó a choibhéis)[4]	43	15.2
1-4 A*-C (nó a choibhéis)[4]	44	15.6
Gráid eile (1+ D-G)[5]	26	9.2
5+ A*-G (nó a choibhéis)[6]	88	31.2
1-4 A*-G (nó a choibhéis)[6]	25	8.9
Gan TGM ar bith [7]	23	8.2
Gan Cáilíocht Fhoirmeálta ar bith [8]	22	7.8
IOMLÁN MIONLAIGH EITNEACHA	***282***	***100***

NÓTAÍ

1. Níl scoileanna speisialta nó scoileanna neamhspleácha san áireamh
2. Áiríonn 'Mionlaigh Eitneacha' Lucht Siúil Éireannach. Ní Áiríonn 'Geal' Lucht Siúil Éireannach.
3. Áirítear cáilíochtaí AVCE.
4. Áirítear Gráid A*-C amháin agus cáilíochtaí GNVQ Meánleibhéal
5. Áirítear Gráid D- G amháin agus cáilíochtaí GNVQ Bonnleibhéal
6. Áirítear cáilíochtaó GNVQ Meánleibhéal agus GNVQ Bonnleibhéal
7. Áirítear iad siúd nach ndearna scrúdú TGM ar bith nó nach bhfuair torthaí grádaithe ach a fuair cáilíochtaí eile ar nós RSA, Pitman, City and Guilds srl.
8. Ní áirítear ach iad siúd gan cáilíocht de chineál ar bith.

Mar fhreagra ar na nithe seo d'fhostaigh an Roinn PriceWaterhouseCoopers (PwC) chun an dá phíosa taighde seo a leanas a dhéanamh:

- 'Litearthacht agus Uimhearthacht dhaltaí i dTuaisceart na hÉireann', le tátail a mheas sa litearthacht agus uimhearthacht ag leibhéal na scoile, an litríocht idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil ró-íseal bhuachaillí a scrúdú agus na difríochtaí idir scoileanna le gnóthachtáil ard agus íseal a scrúdú; agus

- '*Good practice in literacy and numeracy in British and Irish cities where the level of social deprivation is comparable to or worse than, than that of Belfast'* a d'fhéach leis na beartais a aithint atá ag obair go maith chun torthaí níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht a sholáthar i gcathracha comparáideacha sa Bhreatain agus in Éirinn.

Príomhthátail

In anailís ar fheidhmíocht scoile sa Bhéarla agus Mata de réir suímh agus earnáil, bhí fianaise ann go bhfuil roinnt grúpaí den ghnóthachtáil íseal i scoileanna i mBéal Feirste agus san earnáil rialaithe. Mar sin féin, cé gur ainmnigh an anailís nithe ar leith maidir le roinnt scoileanna san earnáil rialaithe, ba chóir a mheabhrú go bhfuil na nithe a théann i gcion ar ghnóthachtáil casta agus idirghníomhach (comhthéacs socheacnamaíochta agus gnéas san áireamh) agus mar sin go bhfuil ginearálú deacair.

Sa phlé le príomhoidí scoile, tugadh le tuiscint gur áirigh na cúiseanna le 'eireaball fada' na gnóthachtála ró-íseal na nithe seo a leanas:

- Easpa páirteachais tuismitheoirí in oideachas a leanaí;
- Easpa luach ar oideachas i gceantair áirithe, ach go háirithe ceantair Protastúnacha faoi mhíbhuntáiste;
- Ganntanas rólchuspaí dearfacha;
- Tionchar na coimhlinte;
- Laghdú san ullmhúchán do scolaíocht do pháistí ag dul isteach sa bhunscoil le blianta beaga anuas (m.sh. i dtéarmaí iompraíochta, forbairt teangeolaíochta srl.);

- Easpa sonraí bonnlíne ar leanaí óga, a chuireann bac ar idirghabháil luath i scoileanna;
- An t-aistriú idir réamhscoil agus bunscoil agus idir bunscoil agus iarbhbunscoileanna; agus
- Easpa ar threoir straitéiseach agus ar an leanúnachas sa chur chuige ag leibhéal an chórais.

Sna húdaráis áitiúla agus cathracha a aithníodh go raibh na leibhéil céanna sa teidlíocht do Bhéilí Scoile Saor in Aisce (FSM) mar atá ag Béal Feirste, measadh go raibh easnamh sóisialta agus easpa páirteachais in oideachas a leanaí ar na príomhghnéithe a raibh tionchar acu ar ghnóthachtáil. Bhí gnéas i gceist freisin, agus dúirt an-chuid díobh siúd a d'fhreagair go raibh siad buartha faoi fheidhmíocht (roinnt) bhuachaillí.

Feidhmíocht Bhuachaillí

Sa bhliain 2006, luaigh Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann agus an Coiste um Chuntais Phoiblí Theach na dTeachtaí Coiste go raibh feidhmíocht bhuachaillí ina mhórcheist i dTuaisceart na hÉireann. Gné is ea an bhearna gnéis i ngnóthachtáil oideachasúil a bhíonn chun leasa chailíní in an-chuid tíortha forbartha. Léiríonn athbhreithniú PwC ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha nach bhfuil aon mhíniú amháin ar an mbearna gnóthachtála idir buachaillí agus cailíní. De bhreis air sin, cé nach bhfeidhmíonn na buachaillí uilig ró-íseal, tá said siúd ó chúlraí socheacnamaíochta níos boichte níos mó i gcontúirt. Is iad na tréithe is coitianta a luaitear ná:

- Breathnú ar ghníomhaíochtaí litearthachta mar 'baineann';
- Stéiréitíopáil gnéis ag na múinteoirí;
- Leochaileacht níos mó ag buachaillí do dhrochmhúinteoireacht;
- An dóchúlacht is mó nach bhfuil buachaillí chomh hullamh sin chun scolaíocht fhoirmeálta a thosú;
- Codán níos mó de ghníomhaíochtaí foghlama a bhfuil tréimhse aire níos faide de dhíth orthu;
- Patrúin fostaíochta athraithe agus ionchais níos airde ag cailíní;
- Cultúir phiarghrúpaí;

- Tarlú níos mó d’fhadhbanna iompraíochta ar nós ADD/ADHD i measc bhuachaillí; agus
- Easpa rólchuspaí fir, athraitheacha agus múinteoirí fireann san áireamh.

Ainmníodh beartais chun feidhmíocht bhuachaillí a fheabhsú, bunaithe ar dheachleachtas ó litríocht idirnáisiúnta, mar seo a leanas:

Cur chuige aonair:

- Socrú spriocanna aonair; agus
- Meantóireacht (buachaillí níos sine, aosaigh ar scoil nó pobal níos leithne).

Cur chuige oideaseolaíochta:

- Stíl solúbtha chun freastal ar riachtanais an duine aonair;
- Aidhmeanna, spriocanna agus cuspóirí a shocrú, ag tógáil ar fhoghlaim roimhe;
- Éagsúlacht gníomhaíochtaí a úsáid, lena n-áirítear obair phraiticiúil, úsáid TFC (lena n-áirítear cláracha bána idirghníomhacha) agus ‘fíor-shuímh’;
- Téacsanna (ficsean agus neamhfhicsean) a thaitníonn le buachaillí a úsáid; agus
- Aiseolas atá dearfach agus ag féachaint ar aghaidh.

Cur chuige scoile uile:

- Gach múinteoir ag gníomhú mar mhúinteoir litearthachta;
- Róil agus freagrachtaí na gceannasaithe scoile;
- Éiteas na n-ionchas ard;
- Úsáid éifeachtach shonraí;
- Grúpáil aon ghnéis d’ábhair áirithe; agus
- Straitéisí do pháirteachas thuismitheoirí.

Cur chuige ar fud an chórais:

- Idirghabháil luath;

- Forbairt ghairmiúil;
- Ról na cigireachta i scaipeadh an deachleachtais; agus
- Scaipeadh an deachleachtais.

Cad iad na ceachtanna ó chathracha comparáideacha?

Ar fud na taighde seo, leag na daoine a d'fhreagair béim ar an scéal nach bhfeileann aon réiteach amháin do chách agus gur éirigh níos fearr leis na húdaráis áitiúla agus scoileanna a roghnaigh na gnéithe sin de straitéisí náisiúnta ba mhó a d'oir dá gcúinsí. Tá fianaise ón litríocht náisiúnta, mar sin féin, go bhfuil cloí níos láidre le forfheidhmiú na dtionscnamh feabhsúcháin nasctha le torthaí níos fearr.

Tugann na tátail le fios, cé go bhfuil réimse leathan de thionscnaimh agus straitéisí litearthachta agus uimhearthachta ar tuairiscíodh ina leith go dtacaíonn siad le feabhsú, tá roinnt tréithe atá coitianta dos na cur chuigí sin, lena n-áirítear:

- Féinmheas agus ionchais a ardú trí, mar shampla, ionchais arda a bheith ann dos na foghlaimeoirí uilig agus luach na foghlama a thaispeáint do leanaí sa luathóige;
- Úsáid éifeachtach as sonraí le dul chun cinn dhaltaí a rianú agus a mhaoirsiú agus chun spriocanna dúshlánacha a shocrú dos na daltaí uilig, lena n-áirítear iad siúd le SEN, EAL, leanaí i gcúram, grúpaí mionlaigh eitneacha agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta nó eacnamaíochta;
- Féin-mheasúnú agus pleanáil forbartha scoile a nascadh le sonraí gnóthachtála dhaltaí;
- Díriú ar mhúinteoireacht agus foghlaim den scoth. Tá córas soiléir d'fhiosrú oibre ag scoileanna éifeachtacha ag feabhsú chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar cháilíocht na múinteoireachta agus na foghlama. Breathnaíonn ceannairí sna scoileanna seo ar ranganna go rialta, tugann said aiseolas don fhoireann ar chaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama agus tugann said tacaíocht do mhúinteoirí a d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu;

- Foghlaim a phearsanú, trí dhíriú ar riachtanais tréadchúraim na ndaltaí agus trí mhúinteoireacht a chur in oiriúint do riachtanais foghlama aonair (á threorú ag anailís éifeachtach ar shonraí), stíleanna agus roghanna aonair;
- Díriú ar fhoghlaim teaghlaigh agus tuismitheoirí a ghabháil mar pháirtithe chun páirteachas thuismitheoirí a spreagadh i scolaíocht a bpáistí agus trína suim ina bhfoghlaim féin a chothú;
- Spraoi a chur san fhoghlaim trí úsáid a bhaint as cluichí, comórtais, ócáidí, cuairteanna agus súgradh mar bhunús le foghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht;
- Cumas TCF a fhiosrú trí chlár bán agus cluichí ríomhaire agus acmhainní eile; agus
- Cur chuige scoile uile a ghlacadh, agus béim ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht ar fud an churaclaim agus leanúnachas i modheolaíochtaí múinteoireachta laistigh agus idir céimeanna. In Éirinn, mar shampla, tá brú ann lean chinntiú go bhfuil ról SEN ag gach múinteoir bunscoile agus iarbhunscoile.

Tá na tuairiscí taighde seo ar fáil d'íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais (http://www.deni.gov.uk/no_49-2.pdf http://www.deni.gov.uk/no_50-3.pdf). Tá na tátail agus na sonraí a thacaíonn leo curtha san áireamh, ní hamháin san EQIA seo ach freisin sa Straitéis leasaithe Litearthachta agus Uimhearthachta.

3. MACHNAMH AR THIONCHAR

Faoi réir na dtreoirlínte, ní mór don Roinn measúnú a dhéanamh ar chibé an bhfuil tionchar difriúil nó droch-thionchar ar na grúpaí Alt 75. Agus an measúnú seo á dhéanamh tá a fhios ag an Roinn go dtéann an dulagas níos faide ná an gá gan idirdhealú a dhéanamh (go díreach nó go hindíreach) maidir leis na grúpaí.

Leagtar amach measúnú de na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag polasaí leasaithe na Roinne um Litearthacht agus Uimhearthacht thíos anseo:

(i) Reiligiún

Mar a luaitear thuas, sa taighde a rinne PwC, bhí fianaise ann go bhfuil roinnt grúpaí den ghnóthachtáil íseal i scoileanna san earnáil rialaithe. Mar sin féin, cé gur ainmnigh an anailís nithe ar leith maidir le roinnt scoileanna san earnáil rialaithe, ba chóir a mheabhrú go bhfuil na nithe a théann i gcion ar ghnóthachtáil casta agus idirghníomhach (comhthéacs socheacnamaíochta agus gnéas san áireamh) agus mar sin go bhfuil ginearálú deacair.

Féachann an dréacht-Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta le gnóthachtáil a ardú, ní hamháin laistigh de na grúpaí gnóthachtála íseal san earnáil rialaithe, ach ar fud na scoileanna uilig. Ní chreideann an Roinn go mbeadh aon droch-thionchar ag an straitéis ar dhaltaí le creidimh reiligiúnda éagsúla.

(ii) Tuairim pholaitiúil

Ní chreideann an Roinn go mbeadh aon droch-thionchar ag an straitéis ar dhaoine óga mar thoradh ar a dtuairim pholaitiúil.

(iii) Ciní

Ní chreideann an Roinn go mbeadh aon droch-thionchar ag an straitéis ar dhaltaí de ghrúpaí cine éagsúla. Creidimid go gcothóídh an straitéis

comhionnanas dheiseanna do dhaoine óga ó ghrúpaí cine éagsúla, ach go háirithe an Lucht Siúil agus iad siúd nach bhfuil Béarla ó dhúchas acu.

(iv) Aois

Baineann an straitéis le gach duine óg idir 4 agus 19 mbliana d'aois agus ní chreideann an Roinn go mbeadh aon droch-thionchar aige ar aon ghrúpa laistigh de na réimsí aoise sin.

(v) Stádas pósta

Ní chreideann an Roinn go mbeadh aon drochthionchar ag an straitéis ar dhaltaí d'ainneoin ar a stádas pósta toisc go bhfuil sé dírithe ar dhaltaí le linn a gcuid scolaíochta éigeantach a chríochnaíonn ag 16.

(vi) Claonadh gnéis

Ní chreideann an Roinn go mbeadh aon drochthionchar ag an straitéis ar dhaltaí le claonadh gnéis éagsúil.

(vii) Gnéas

Mar a luadh thuas leag tuairisc PAC béim ar ghnóthachtáil ró-íseal (roinnt) bhuachaillí mar fhadhb le réiteach agus tá na tátail agus moltaí taighde ó PwC curtha san áireamh ag an Roinn – chuige seo beidh an tionchar ar bhuachaillí dearfach ach ní chun dochair na gcailíní a bheidh sé seo, ach féachann an straitéis leis an mbearna gnóthachtála a laghdú idir buachaillí agus cailíní trí ghnóthachtáil roinnt buachaillí a fheabhsú. Mar sin, ní chreideann an Roinn go mbeadh droch-thionchar ag an straitéis ar dhaltaí de bharr a ngnéas.

(viii) Míchumas

Baineann an straitéis le gach dalta agus le gach scoil deontas-mhaoinithe. Déantar soláthar laistigh den chóras oideachais do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais agus cinnteoidh sé seo, chomh maith leis na gníomhaíochtaí ag eascairt as an straitéis, go dtugtar cúnamh agus tacaíocht do dhaltaí faoi mhíchumas a bheith liteartha agus uimheartha.

(ix) Daoine le cleithiúnaithe

Ní chreideann an Roinn go mbeidh tionchar éagsúil nó drochthionchar ag an straitéis ar dhaoine le cleithiúnaithe.

4. MACHNAMH AR MHAOLÚ AGUS ROGHANNA

Réamhrá

Is é measúnú na Roinne ná go mbeidh deathionchar ag an straitéis toisc go bhfuil forálacha ann chun:

- caighdeán iomlán na litearthacht agus na h-uimhearthacht a ardú;
- an bhearna a chúngú idir na scoileanna agus daltaí atá ag baint torthaí arda amach agus iad siúd nach bhfuil;
- díriú go sainiúil orthu siúd leis an ngá is mó – iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta agus iad siúd atá ag coimhlint faoi leibhéil a bhfuiltear ag súil leo.

Ní mheasann an Roinn go mbeidh aon drochthionchar ag an straitéis. É sin ráite, má mheasann lucht comhairliúcháin go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag an straitéis, cuirfidh an Roinn fáilte roimh mholtaí ar mhaoluithe agus roghanna a d'fhéadfadh comhionannas dheiseanna a chothú níos fearr.

5. COMHAIRLIÚCHÁN FOIRMEÁLTA

Is mian leis an Roinn comhairliúchán chomh leathan agus is féidir a dhéanamh ar na tionchair comhionannais a d'fhéadfadh a bheith ag an 'Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht'. Bhí réamhchruinnithe ag oifigigh cheana féin, agus le linn na tréimhse comhairliúcháin déanfaidh an Roinn na nithe seo a leanas:

- comhairliúchán a eisiúint chomh maith le foirm freagartha comhairliúcháin chuig scoileanna, grúpaí leasmhara oideachais, grúpaí creidimh, grúpaí Alt 75 agus aon bhaill den phobal ar iarratas;
- cóip de na cáipéisí comhairliúcháin a chur ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus suíomh gréasáin Consultation NI, chomh maith le foirm freagartha comhairliúcháin ar líne;
- na cáipéisí comhairliúcháin a chur ar fáil i bhformáidí ailtéarnacha dóibh siúd a lorgaíonn sin;
- cruinnithe comhairliúcháin a eagrú, ar iarratas, le daoine nó ionadaithe ó ghrúpaí leasmhara speisialta, agus aon riachtanais speisialta atá acu a chur san áireamh;
- plé le haon fhiosrú ar bhealach poncúil.

Tá an comhairliúchán á chomhordú ag an mBrainse Feabhsúcháin Scoile agus is é 30 Samhain 2008 an dáta deiridh.

6. CINNEADH AN ÚDARÁIS PHOIBLÍ (AN ROINN OIDEACHAIS)

Déanfaidh an Roinn Oideachais anailís ar na freagraí don chomhairliúchán agus machnamh ar thátail an EQIA sula ndéantar aon chinneadh deiridh ar an ‘Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht’.

7. FOILSIÚ THORTHAÍ MHEASÚNACHT TIONCHAR COMHIONANNAIS

Foilseofar torthaí an EQIA seo nuair a fhógraítear cinntí. Seolfar cóip den cháipéis torthaí dóibh siúd a fhreagraíonn don chomhairliúchán agus cuirfear in airde ar shuíomh gréasáin na Roinne é freisin. Cuirfear ar fáil i bhformáidí ailtéarnacha freisin é nuair a lorgófar sin.

8. MONATÓIREACHT DO THIONCHAIR DHIÚLTACHA SA TODHCHAÍ AGUS FOILSIÚ THORTHAÍ NA MONATÓIREACHTA SEO

Bunóidh an Roinn próiseas le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar ‘Straitéis leis an nGnóthachtáil a Ardú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht’ ar ghrúpaí cuí amach anseo. Déanfar é seo a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus foilseofar na torthaí ar shuíomh gréasáin na Roinne. Má léiríonn an mhonatóireacht seo aon tionchar diúltach nó deiseanna chun níos mó comhionannais dheiseanna a chothú, cinnteoidh an Roinn go leasófar an polasaí. Foilseofar torthaí an phróisis monatóireachta i dTuairisc Bhliantúil na Roinne ar Dhul Chun Cinn do Choimisiún Comhionannais TÉ.

TAGARTHAÍ

[i] *Straitéis chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a chur chun Cinn i mBunscoileanna agus Meánscoileanna i dTuaisceart Éireann* (DE 1998)

[ii] *Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i Scoileanna (NIAO 2006)*

[iii] *Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i Scoileanna (PAC 2006)*